



Léaráid Venn



Ligeann an straitéis seo do scoláirí **na cosúlachtaí** agus **na difríochtaí** idir dhá rud nó dhá théama a léiriú go grafach. Oibríonn sé go han-mhaith le grúpaí agus tugann deis dóibh an fhoghlaim a phróiseáil ó bhéal. Is straitéis an-éifeachtach é chun rudaí a chur **i gcomparáid** agus **i gcodarsnacht** lena chéile.



- Is fearr do scoláirí a bheith ag obair i ngrúpaí de 3 nó 4.
- Tugtar páipéar agus marcóirí do na scoláirí.
- Iarr ar na scoláirí dhá chiorcal mhóra a tharraingt a thrasnaíonn a chéile sa lár.
- Cuirtear eolas os comhair na scoláirí agus iarrtar orthu é a chatagóiriú trí chosúlachtaí agus difríochtaí a mheas.


Leideanna

- Is féidir an ghníomhaíocht seo a úsáid le heolas agus le hinneachar éagsúil a bhaineann lena lán ábhar.
- Gluais timpeall ar gach grúpa chun a chinntiú go mbíonn a n-aird dírithe ar an tasc.
- Is féidir na Léaráidí Venn críochnaithe a phostáil ar an mballa chun go bhfeicfidh na scoláirí uile iad agus go ndéanfaidh siad iad a mheas.
- Is féidir piaraiseolas a thabhairt isteach ina dtugann na grúpaí aiseolas ar Léaráidí Venn a chéile.
- D'fhéadfaí trí chiorcal a úsáid chun an ghníomhaíocht a dhéanamh níos deacra.
- Is féidir iarradh ar na scoláirí grianghraf a ghlacadh de na Léaráidí Venn chun tacú le hobair baile agus le súil siar.
- Mar chomhrogha, is féidir freagra an ranga ina iomlán a bhailiú trí iarraidh ar gach scoláire a phoistíní a fhágáil ar Léaráid Venn amháin.



Tuilleadh Eolais

Tá tuilleadh eolais agus tacaíochta ar fáil chun an straitéis seo a chur i bhfeidhm ag www.jct.ie



Príomhscileanna

- ▶ Eolas agus smaointeoireacht a bhainistiú
- ▶ Mé féin a bhainistiú
- ▶ Cumarsáid
- ▶ Ag obair le daoine eile
- ▶ A bheith liteartha
- ▶ A bheith cruthaitheach

Acmhainní

- ▶ Bíleoga glana páipéir
- ▶ Marcóirí
- ▶ Tac gorm

Leagan amach an tseomra

Eagraigh na scoláirí i ngrúpaí de 3 nó 4 ag gach bord

Measúnú

Déan measúnú ar thuiscint trí éisteacht le freagraí na scoláirí

Is féidir piarmheasúnú a úsáid ag deireadh na gníomhaíochta

Tacú le hobair baile

Is féidir an t-eolas ar an Léaráid Venn a úsáid chun tacú le freagraí ar cheist ardoird ar an topaic.

An tsraith Shóisearach do Mhúinteoirí

Junior **CYCLE**
for teachers